Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0422(COD)**

15006/22
ADD 2

COPEN 409
DROIPEN 155
ENV 1209
JAI 1558
CODEC 1841

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14734/22, WK 16106/22 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 14459/21 + COR 1 + ADD 1 + ADD 2 COR 1 + ADD 3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Dearbhú ó thoscaireacht na hEastóine |

Cuireann an Eastóin i láthair an dearbhú seo a leanas le haghaidh mhiontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle ag a ndéanfar an dréacht-treoir a mheas:

'Tacaíonn an Eastóin go hiomlán le cuspóirí an togra le haghaidh Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Treoir 2008/99/CE.

Tá an Eastóin in ann glacadh leis an gcur chuige ginearálta mar chomhréiteach, ach ba mhaith linn a chur in iúl gur cúis imní dúinn forás dhlí coiriúil an Aontais Eorpaigh. Le gach togra nua i réimse an dlí choiriúil, tugtar isteach gnéithe breise a bheidh ina gcaighdeán d'ionstraimí de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo. Cé go bhfuil na ceanglais sin teoranta go foirmiúil do réimsí sonracha coireachta, ní mór do na Ballstáit a ráthú freisin go mbeidh a ndlí coiriúil ina iomláine comhleanúnach. Ciallaíonn sé sin gur minic a thiocfaidh athruithe as trasuí na rialacha sin a dhéanfaidh difear do chóras ceartais choiriúil uile Ballstáit.

Ceadaítear le mír 1 d'Airteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú. Leagtar béim i mír 3 d'Airteagal 83 agus i mír 1 d'Airteagal 67 ar a thábhachtaí atá sé traidisiúin dhlí agus gnéithe bunúsacha na gcóras ceartais choiriúil náisiúnta a choimirciú. Tá amhras ag fás i gcónaí faoi cibé atá nó nach bhfuil cuid de na rialacha nua sonracha sin atá á mbeartú le Treoracha nua ina n-íoscheanglais dá bhforáiltear i mír 1 d'Airteagal 83 CFAE nó an dtéann siad thar an íosmhéid is gá. Tá amhras ar an Eastóin faoi cibé an bhfanann nó nach bhfanann comhchuibhiú na bpionós do dhaoine nádúrtha in Airteagal 5 i gcás ina ndéantar an choir le mórfhaillí, comhchuibhiú na smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha in Airteagal 7 agus comhchuibhiú na dtréimhsí teorann in Airteagal 11 laistigh de raon feidhme an chomhchuibhithe íosta. Dá bhrí sin, ba mhaith linn a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle a áirithiú gur comhchuibhiú íosta a bheadh i gcomhchuibhiú an dlí choiriúil.'